



## Siompóisiam LehmanGaeilge 2020

*Ceol, Amhránaíocht, Sean-Nós agus Ceiliúradh ar Shaothar Mháirtín Uí Chadhain*

Nua-Eabhrac, 22 Feabhra 2020

Tugann an Clár Gaeilge de Roinn na dTeangacha agus na Litríochta cuireadh duit páirt a ghlacadh i siompóisiam dar teideal "Ceol, Amhránaíocht, Sean-Nós agus Ceiliúradh ar Shaothar Mháirtín Uí Chadhain", a bheidh ar siúl ar champas CUNY Coláiste Lehman ar an 22 Feabhra 2020. Tá sé mar aidhm againn taighdeoirí agus scoláirí de chuid litríocht na Gaeilge a bhfuil suim acu i gceol na hÉireann agus litríocht Mháirtín Uí Chadhain a thabhairt le chéile. Ba cheart dóibh siúd a bhfuil suim acu páirt a ghlacadh sa siompóisiam togra, i bhfoirm ceangaltán leictreonach, a sheoladh chuig [irish.studies@lehman.cuny.edu](mailto:irish.studies@lehman.cuny.edu). Déanfaimid machnamh ar thograí le haghaidh páipéir indibhidiúla chomh maith le tograí le haghaidh painéil de thriúr ag díriú ar thopaic chomónta. Níor cheart go mbeadh an togra níos faide ná 250 focal agus ba cheart go dtabharfaí ainm an rannpháirtí, cleamhnú acadúil, eolas teagmhála, agus ainm an pháipéir. Cuir in iúl dúinn freisin má theastaíonn aon trealamh (scáileán, teilgeoir, srl.) le haghaidh do chuir i láthair. Níor cheart go mbeadh an cur i láthair níos faide ná 20 nóiméad. Ní féidir páipéir a thabhairt ach i nGaeilge amháin i mbliana. Ní bheidh fáil ar aon seirbhís aistriúcháin ag an gcomhdháil. Ní léifear páipéir in absentia. Is é an spriocdháta chun tograí a sheoladh isteach an 15 Nollaig 2019, agus tabharfar aitheantas do gach uile iarratas. Seolfar fógraí glactha ón gcoiste eagrúcháin roimh an 1 Eanáir 2020. Ba cheart go n-íocfadh rannpháirtithe táille chlárúcháin \$20 nuair a ghlactar leis an togra. San áireamh leis an táille chlárúcháin beidh lón, chomh maith le sosanna tae/caife. Beidh rannpháirtithe in ann a chur in iúl dúinn le linn clárúcháin an mbeadh suim acu dul chuig dinnéar le chéile tráthnóna Dé Sathairn ag bialann áitiúil Éireannach. Beidh eolas ar ár suíomh gréasáin faoi lóistín agus taisteal srl.

